

## Clár

1. Cad is Liúntas Cúramóra ann?	3
2. An féidir an Liúntas Cúramóra a fháil má fhaightear íocaíocht eile ón Roinn seo?	3
3. Conas a cháilítear?	4
4. Cad is brí le ‘cúram agus aire lánaimseartha’?	5
5. An gá dom cónaí leis an duine ag a bhfuil gá le cúram lánaimseartha?	7
6. Cad í an tástáil acmhainne?	7
7. Cad nach n-áirítear mar acmhainn?	11
8. Cé mhéid is féidir a fháil?	11
9. Cé atá ina leanbh cáilithe?	12
10. Conas a fhaightear an íocaíocht?	13
11. Cad iad na sochair bhreise is féidir a fháil?	13
12. An leanfar den íocaíocht tar éis bháis?	14
13. Cathain agus conas a dhéantar iarratas?	15
14. Cad a tharlóidh mura ndéantar iarratas in am?	16
15. Conas a líontar an fhoirm iarratais ar an Liúntas Cúramóra?	16
16. Cén áit ar féidir a thuilleadh eolais a fháil?	19
Pointí le tabhairt faoi deara	21

Meán Fómhair 2014

Ó am go chéile athraíonn na coinníollacha cáilithe le haghaidh na scéimeanna seo againne. Déan seiceáil i gcónaí leis an Lárionad Intreo áitiúil, leis an Oifig Leasa Shóisialaigh áitiúil nó lenár Seirbhísí Eolais le fáil amach an bhfuil athrú ar na coinníollacha (féach Ich. 19 chun sonraí teagmhála a fháil).

Tá an t-eolas sa leabhrán seo i gceart agus é ag dul i gcló. Is mar threoir amháin atá an leabhrán seo, agus ní léirmhíniú dleathach atá ann.



## 1. Cad is Liúntas Cúramóra ann?

Is é is Liúntas Cúramóra ann ná íocaíocht do chúramóirí a thugann cúram agus aire lánaimseartha do dhaoine áirithe ag a bhfuil gá lena leithéid.

Má fhaigheann tú Liúntas Gaoil Fhorordaithe nó Liúntas Síorfhreastail, nó má tá pinsinéir á éileamh ar do shon, féadfaidh tú cur isteach ar an Liúntas Cúramóra ina ionad.

Is féidir go gcáileoidh tú do Shochar Cúramóra in ionad an Liúntais Chúramóra má fhágann tú an lucht oibre chun aire a thabhairt do dhuine ag a bhfuil gá le cúram agus aire lánaimseartha.

Chun a thuilleadh eolais a fháil, logáil isteach ar **[www.welfare.ie](http://www.welfare.ie)**.

## 2. An féidir an Liúntas Cúramóra a fháil má fhaightear íocaíocht eile ón Roinn seo?

**Is féidir. Ó 27 Meán Fómhair 2007** féadann tú leath an ráta den Liúntas Cúramóra a fháil in éineacht leis na híocaíochtaí a fhaigheann tú cheana, má fhaigheann tú íocaíocht(aí) áirithe ón Roinn seo agus má chomhlíonann tú na coinníollacha maidir leis an Liúntas Cúramóra. B'fhéidir freisin go bhféadfá leath an ráta den Liúntas Cúramóra a fháil, mar aon le méadú a bheith á fháil duit mar dhuine fásta cáilithe ag duine éigin eile ar a p(h)insean féin.

### 3. Conas a cháilítear?

Cáileoidh tú, an cúramóir, má:

- shásaíonn tú an Coinníoll Gnáthchónaithe\*,
- chónaíonn tú i bPoblacht na hÉireann,
- tá tú 18 mbliana d'aois nó os a chionn sin,
- shásaíonn tú tástáil acmhainne,
- chónaíonn tú leis an duine dá dtugann tú aire nó más féidir teagmháil a dhéanamh leat go sciobtha trí chóras díreach cumarsáide (mar shampla guthán nó aláram) idir do bhaile cónaithe agus baile cónaithe an duine dá dtugann tú aire,
- thugann tú aire don duine ar bhonn lánaimseartha, agus
- théann tú i mbun féinfhostaíochta teoranta nó mura bhfostaítear lasmuigh den bhaile cónaithe thú ar feadh níos mó ná 15 uaire sa tseachtain.

\*Coinníoll is ea an Coinníoll Gnáthchónaithe nach mór duit a shásamh chun cáiliú d'íocaíochtaí leasa shóisialaigh áirithe. Tháinig an coinníoll seo i bhfeidhm ó 1 Bealtaine 2004 agus baineann sé le gach iarratasóir gan spleáchas ar a náisiúntacht.

Chun a thuilleadh eolais a fháil, logáil isteach ar **[www.welfare.ie](http://www.welfare.ie)**.

Ina theannta sin, ní mór don duine dá dtugann tú aire:

- a bheith faoi mhíchumas chomh mór sin go bhfuil gá aige/aici le cúram agus aire lánaimseartha (is gá teastas dochtúra),
- gan gnáthchónaí a bheith air/uirthe in ospidéal, i dteach altranais nó i bhforas eile dá leithéid, agus
- a bheith 16 bliana d'aois nó os a chionn sin,

**nó**

- a bheith faoi bhun 16 bliana d'aois má íoctar Liúntas Cúraim Bhaile ina leith.

Má thugann tú aire do leanbh a fhaigheann an Liúntas Cúraim Bhaile, ní gá duit teastas dochtúra a sholáthar ná ní gá gur tusa an duine a fhaigheann an liúntas sin i leith an linbh.

### **Nóta**

**Ní féidir leat Liúntas Cúramóra a fháil:**

- **má tá an Liúntas Síorfhreastail faoin Scéim um Shochair Dhíobhálacha Ceirde á fháil ag an duine dá dtugann tú aire, nó**
- **má tá Liúntas Gaoil Fhordaithe á íoc i leith an duine dá dtugann tú aire.**

## 4. Cad is brí le 'cúram agus aire lánaimseartha?

Ní mór gá a bheith ag an duine dá dtugtar aire le:

- maoirseacht go leanúnach agus cabhair go minic i gcaitheamh an lae ar fad i dtaobh na ngnáthriachtanas pearsanta mar shiúl agus gabháil timpeall, gléasadh, ní, ithe agus ól,

### **nó**

- maoirseacht go leanúnach chun contúirt dó/di féin a sheachaint,

### **agus**

- cúram agus aire lánaimseartha ar feadh 12 mhí ar a laghad.

## Nóta

**Féadfaidh an duine dá dtugtar aire freastal ar chúrsa oiliúna athshlánúcháin nach cúrsa cónaithe é nó ar lárionad cúraim lae atá faofa ag an Aire Sláinte agus Leanáí.**

### Féadfaidh tú, an cúramóir:

- freastal ar chúrsa oideachais nó oiliúna nó dul i mbun fostaíochta deonaí nó pobail ar feadh 15 uaire sa tseachtain ar a mhéad,

#### nó

- obair pháirtaimseartha a dhéanamh mar Chúntóir Baile d’Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte ar feadh 15 uaire sa tseachtain ar a mhéad (Measúnófar do thuilleamh ón obair seo mar acmhainn, áfach),

#### nó

- dul i mbun féinfhostaíochta i do bhaile cónaithe (**measúnófar** tuilleamh ar bith ón obair seo mar acmhainn),

#### nó

- dul i mbun fostaíochta lasmuigh de do bhaile cónaithe ar feadh 15 uaire sa tseachtain ar a mhéad.

Le linn duit a bheith as láthair, caithfidh tú cúram leordhóthanach a shocrú don duine ag a bhfuil gá le cúram agus aire lánaimseartha.

Beimid solúbtha agus measúnú á dhéanamh againn ar an ngá le cúram agus aire lánaimseartha a chur ar fáil agus déanfaimid breithniú ar na riachtanais atá ort, an cúramóir, agus atá ar an duine atá faoi chúram. Nílimid ag súil go gcuirfeá cúram ar fáil ar feadh 24 uaire sa ló, ná ní mian linn go mbeadh daoine eile ag súil lena leithéid.

## 5. An gá dom cónaí leis an duine ag a bhfuil gá le cúram lánaimseartha?

De ghnáth beidh tú i do chónaí leis an duine dá dtugtar aire, ach níl sé seo lánriachtanach. Is féidir go gcáileoidh tú don Liúntas Cúramóra mura cúramóir cónaithe thú agus más féidir leat na nithe seo a leanas a thaispeáint nuair a chuirfidh tú isteach ar an Liúntas Cúramóra:

- tá córas díreach cumarsáide idir do bhaile cónaithe agus an duine dá dtugann tú aire, mar shampla guthán nó córas aláirim, **agus**
- níl cúram lánaimseartha ó dhuine seachas tú féin, an t-iarratasóir, á fháil cheana ag an duine dá dtugtar aire laistigh dá b(h)aile cónaithe féin.

Má tá an scéal amhlaidh, ní mór duit a thaispeáint go gcuirtear cúram agus aire lánaimseartha ar fáil don duine dá dtugtar aire.

## 6. Cad í an tástáil acmhainne?

Is slí í an tástáil acmhainne lena fháil amach an bhfuil do dhóthain acmhainne agat chun soláthar a dhéanamh duit féin agus lena shocrú cé mhéid íocaíochta, más ann di, dá bhféadfadh tú cáiliú. Is í d'acmhainn ná aon ioncam ar leat é nó ar le do chéile, do pháirtnéir sibhialta nó do chomhchónaitheoir é agus maoin (seachas do bhaile cónaithe féin) nó sócmhainn a d'fhéadfadh ioncam a chur ar fáil duit.

Chun tástáil acmhainne a dhéanamh, iarrfaidh Cigire Leasa Shóisialaigh sonraí de d'acmhainn ort. Déanfaidh an Cigire é seo ag d'Oifig Leasa Shóisialaigh áitiúil nó is féidir go mbuailfidh an Cigire isteach chugat i do bhaile cónaithe. Is féidir freisin go n-iarrfaidh an Cigire ort cáipéisí mar chuntais nó ráitis bhainc a thabhairt ar aird. Tabhair na sonraí de d'acmhainn uile nuair a

líonfaidh tú d'fhoirm iarratais, le do thoil. Is de bhun na tástála acmhainne a dhéanfaidh Oifigeach Breithiúnachta cinneadh faoi do theidlíocht ar phinsean.

### Cad a áirítear mar acmhainn?

Is í d'acmhainn ná aon ioncam ar leat é nó ar le do chéile, do pháirtneír sibhialta nó do chomhchónaitheoir é, maoin (seachas do bhaile cónaithe féin) nó sócmhainn a d'fhéadfadh airgead a shaothrú nó a d'fhéadfadh ioncam a chur ar fáil duit, mar shampla pinsin cheirde nó pinsin nó sochair ó thír eile.

Ní rachaidh an chéad 7.60 den acmhainn a mheasúnaítear isteach ar d'íocaíocht, ach laghdófar d'íocaíocht sheachtainiúil de 2.50 in aghaidh gach 2.50 breise d'acmhainn atá agat.

#### Nóta

**Cuirfidimid san áireamh freisin méid iomlán aon íocaíochta slándála sóisialaí a thagann chugat ó thír eile.**

### Infheistíochtaí agus coigilteas

Agus do chuid acmhainne ó choigilteas agus ó infheistíochtaí, ar a dtugtar caipiteal freisin, á ríomh againn, suimimid na nithe seo a leanas agus bainimid feidhm as foirmle ar leith:

- luach airgid thirim infheistíochtaí agus maoin (seachas do bhaile cónaithe),
- airgead in aon chuntas coigiltis nó aon chuntas reatha, agus
- airgead ar láimh.

Caipiteal:	Acmhainn sheachtainiúil a mheasúnaítear:
An chéad 20,000	Dada
20,000 - 30,000	1 sa 1,000
30,000 - 40,000	2 sa 1,000
Os cionn 40,000	4 sa 1,000

Má tá tú pósta, i bpáirtneireacht shibhialta nó ag comhchónaí le duine eile, measúnóimid an acmhainn de bhun leath na hacmhainne measúnaithe atá ag an mbeirt agaibh le chéile.



Féach na samplaí ar leathanaigh 9 agus 10.

## Neamhaird ar thuilleamh áirithe

### Cúramóir singil

Ní áireoidimid an chéad 332.50 de d'ioncam seachtainiúil agus d'acmhainn á measúnú againn.

#### Sampla 1:

Tá pinsean seachtainiúil ón earnáil tráchtála ag duine singil dar luach	339.50
Lúide tuilleamh ar a dtugtar neamhaird	<u>332.50</u>
Acmhainn sheachtainiúil	7.00

Tugtar neamhaird ar an gcéad 7.60 d'acmhainn sheachtainiúil. Mar sin, sa sampla seo, thabharfaí Liúntas Cúramóra iomlán 204.00 sa tseachtain don chúramóir. Bunaítear an t-áireamh seo ar na rátaí reatha (Meán Fómhair 2014).

### Cúramóir atá pósta, i bpáirtnéireacht shibhialta nó ina c(h)omhchónaitheoir

Ní áireoidimid an chéad 665.00 den ioncam seachtainiúil atá agaibh **le chéile** agus an acmhainn á measúnú againn.

#### Sampla 2:

Tá tuilleamh seachtainiúil 105 ag cúramóir atá faoi bhun 66 bliana d'aois agus tá olltuilleamh 650 sa tseachtain as fostaíocht ag a c(h)éile, a p(h)áirtnéir sibhialta nó a c(h)omhchónaitheoir. Tá triúr leanaí cleithiúnacha ag an lánúin.

Ríomhfaimis a n-acmhainn trí ioncam an chúramóra agus tuilleamh seachtainiúil a c(h)éile, a p(h)áirtnéara shibhialta nó a c(h)omhchónaitheora tar éis d'ÁSPC, dleachtanna ceardchumainn agus aoisliúntas a bheith bainte as, a shuimiú. D'fhéadfaimis costais taistil a chur san áireamh freisin. Ní chuirimid méid na cánach ioncaim a íoctar san áireamh.

Olltuilleamh seachtainiúil an chéile, an pháirtnéara sibhialta nó an chomhchónaitheora 650.00

Lúide	ÁSPC (Fo-aicme A1)	33.92
	Dleachtanna ceardchumainn	3.60
	Aoisliúntas	9.80
	Taisteal	<u>15.00</u>

Méid a bhaintear as 62.32 - 62.32

A dtuilleamh ináirithe iomlán 587.68

Móide tuilleamh an chúramóra féin + 105.00

692.68

Lúide tuilleamh 665.00 ar a dtugtar neamhaird - 665.00

**Acmhainn iomlán na lánúine** 27.68

Roinnimid an acmhainn iomlán ina dhá leath chun acmhainn sheachtainiúil an chúramóra a fháil. 13.84

Liúntas seachtainiúil an Chúramóra 196.50

Méadú leathráta do thriúr leanaí ( 14.90 x 3) + 44.70

Liúntas seachtainiúil iomlán an Chúramóra 241.20

Bunaítear an t-áireamh seo ar na rátaí reatha (Meán Fómhair 2014).

## Nóta

**Baineann na méideanna thuas le cibé ioncam atá agat féin nó ag do chéile, do pháirtnéir sibhialta nó do chomhchónaitheoir, lena n-áirítear tuilleamh as fostaíocht, pinsean ceirde, caipiteal nó coigilteas.**

## 7. Cad nach n-áirítear mar acmhainn?

Ní áirítear iad seo a leanas mar acmhainn:

- do bhaile cónaithe féin,
- Sochar Linbh,
- íocaíocht do chéile, do pháirtnéara sibhialta nó do chomhchónaitheora uainn nó ó Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte,  
**agus**
- ranníocaíochtaí le Cuntas Pearsanta Coigiltis Scoir ó Aibreán 2006.

## 8. Cé mhéid is féidir a fháil?

Tá d'íocaíocht comhdhéanta de mhéid pearsanta duit féin agus de mhéideanna breise do do leanbh/leanaí cáilithe. Is ar do chuid acmhainne a bhraithfidh an méid a fhéadfaidh tú a fháil. Chun a thuilleadh eolais a fháil, logáil isteach ar **[www.welfare.ie](http://www.welfare.ie)**.

### Nóta

- **Má thugann tú aire do bhreis agus duine amháin, is féidir go gcáileoidh tú do suas le 50% sa bhreis ar an gcion pearsanta uasta den Liúntas Cúramóra gach seachtain. Ba chóir duit foirm iarratais CR 2 a líonadh. Is féidir leat foirm CR 2 a fháil ar **[www.welfare.ie](http://www.welfare.ie)** nó ó d'oifig leasa shóisialaigh áitiúil.**
- **Má fhaigheann tú íocaíocht ón Roinn seo ina bhfuil méadú do do chéile, do pháirtnéir sibhialta nó do chomhchónaitheoir san áireamh agus má cháilíonn tú don ráta iomlán den Liúntas Cúramóra, ní thabharfar an méadú seo duit a thuilleadh. Má tá an scéal amhlaidh, b'fhéidir gurbh fhearr do do chéile, do pháirtnéir sibhialta nó do chomhchónaitheoir cur isteach ar an Liúntas Cúramóra más rud é go bhfuil cúram á chur ar fáil aige/aici freisin.**

### Nóta ar leanúint:

- Ó Mheán Fómhair 2007, má fhaigheann tú íocaíochtaí áirithe ón Roinn seo agus má shásaíonn tú coinníollacha an Liúntais Chúramóra, is féidir go bhfaighidh tú leath an ráta den Liúntas Chúramóra in éineacht leis na híocaíochtaí atá agat cheana.
- Ó Mheán Fómhair 2007, má fhaigheann do chéile, do pháirtneir sibhialta nó do chomhchónaitheoir íocaíocht ón Roinn seo ina bhfuil méadú duit mar dhuine fásta cáilithe san áireamh, is féidir go bhfaighidh tú leath an ráta den Liúntas Chúramóra mar aon leis an íocaíocht seo a fhaigheann do chéile, do pháirtneir sibhialta nó do chomhchónaitheoir duit

## 9. Cé atá ina leanbh cáilithe?

Is féidir leat méadú a éileamh i leith linbh má tá sé/sí faoi bhun 18 mbliana d'aois, má chónaíonn sé/sí leat de ghnáth agus má tá sé/sí á c(h)othabháil agat.

Má tá leanbh in oideachas lánaimseartha de ló i scoil nó i gcoláiste aitheanta, is féidir go bhfaighidh tú an méadú seo ina leith go deireadh na bliana acadúla ina sroicheann an leanbh 22 bhliain d'aois, cibé acu sa bhaile nó lasmuigh den bhaile a chónaíonn an leanbh.

Is féidir go bhfaighidh tú an Méadú **iomlán** um Leanbh Cáilithe má tá tú singil, i mbaintreachas, i do pháirtneir sibhialta marthanach nó idirscartha agus mura bhfuil tú ag cónaí le duine eile i bpáirtneireacht sibhialta nó ag comhchónaí le duine eile.

Is féidir go bhfaighidh tú **leath** an ráta den Mhéadú um Leanbh Cáilithe má chónaíonn tú le do chéile, do pháirtneir sibhialta nó do chomhchónaitheoir.

Má fhaigheann do chéile, do pháirtneir sibhialta nó do chomhchónaitheoir íocaíocht ón Roinn seo, gheobhaidh sé/sí leath an Mhéadaithe um Leanbh Cáilithe agus gheobhaidh tú leath an Mhéadaithe um Leanbh Cáilithe.

**Níl an Méadú um Leanbh Cáilithe iníoctha anuas ar an Íocaíocht Chúramóra ar Leathráta.**

## 10. Conas a fhaightear an íocaíocht?

Is féidir an Liúntas Cúramóra a íoc gach seachtain:

- i d'oifig phoist áitiúil trí Chárta Seirbhísí Sóisialacha, **nó**
- trí íocaíocht dhíreach isteach i do chuntas reatha, taisce nó coigiltis in institiúid airgeadais.

## 11. Cad iad na sochair bhreise is féidir a fháil?

### Deontas Cúraim Fhaoisimh

Íocaíocht bhliantúil is ea an Deontas Cúraim Fhaoisimh a thugtar do chúramóirí a thugann aire do dhaoine áirithe a bhfuil gá acu le cúram agus aire lánaimseartha. Íoctar í i leith gach duine dá dtugann tú aire go lánaimseartha.

Ní gá duit iarratas a dhéanamh ar an Deontas Cúraim Fhaoisimh. Íocfar **go huathoibríoch** i mí an Mheithimh é má íoctar aon cheann díobh seo a leanas:

- Liúntas Cúramóra,
- Sochar Cúramóra,
- Liúntas Cúraim Bhaile,
- Liúntas Síorfhrestail, **nó**
- Liúntas Gaoil Fhorordaithe.

Is é méid an deontais seo ná 1,375, ráta reatha (Meán Fómhair 2014). Íoctar é i leith gach duine dá dtugann tú aire má chomhlíonann tú coinníollacha eile.

## Nóta

**Mura gcáilíonn tú don Liúntas Cúramóra toisc go bhfuil do chuid acmhainne ró-ard, is féidir fós go gcáileoidh tú don Deontas Cúraim Fhaoisimh i leith gach duine dá dtugann tú aire má chomhlíonann tú coinníollacha cáiliúcháin eile. Ba chóir duit foirm iarratais RCG 1 a líonadh.**

**Chun a thuilleadh eolais a fháil, logáil isteach ar [www.welfare.ie](http://www.welfare.ie).**

## Saorscéimeanna

Má cháilíonn tú don Liúntas Cúramóra, gheobhaidh tú Pas Saorthaistil. Má chónaíonn tú leis an duine dá dtugann tú aire, is féidir go gcáileoidh tú dóibh seo a leanas freisin:

- Liúntas Leictreachais nó Liúntas Gáis Nádúrtha nó Liúntas d'Athlán Gáis Bhuidéalaithe,  
**agus**
- Saorcheadúnas Teilifíse.

## Liúntas Breosla

Is féidir go mbeidh an duine dá dtugann tú aire i dteideal an liúntas seo a éileamh.

Chun a thuilleadh eolais a fháil, logáil isteach ar [www.welfare.ie](http://www.welfare.ie).

# 12. An leanfar den íocaíocht tar éis bháis?

Leanfar. Íocfar an Liúntas Cúramóra go ceann 6 seachtaine tar éis bhás an duine dá dtugann tú aire.

Chun a thuilleadh eolais a fháil, logáil isteach ar [www.welfare.ie](http://www.welfare.ie).

## 13. Cathain agus conas a dhéantar iarratas?

Ba chóir duit iarratas a chur isteach ar an Liúntas Cúramóra a luaithe a mhothaíonn tú go gcomhlíonann tú na coinníollacha ar a ndéantar cur síos sa leabhrán seo. D'fhéadfá iarratas a dhéanamh ag an am céanna is a dhéanfá iarratas ar an Liúntas Cúraim Bhaile i leith linbh. Má cháilíonn tú, is féidir go bhfaighidh tú an Liúntas Cúramóra ón dáta a mbronnfar an Liúntas Cúraim Bhaile.

I ngach cás eile, gheobhaidh tú d'íocaíocht ón Déardaoin i ndiaidh an dáta a bhfaighimid an t-iarratas uait.

Is féidir leat iarratas a chur isteach ar an Liúntas Cúramóra tríd an bhfoirm iarratais iniata, **CR 1**, a líonadh agus í a chur maille leis na teastais chuí agus na cáipéisí cuí chuig an seoladh thíos.

Má theastaíonn aon chabhair uait chun an fhoirm iarratais a líonadh, déan teagmháil le d'Oifig Leasa Shóisialaigh áitiúil nó le Rannóg an Liúntais Chúramóra.

Cuir d'iarratas chuig:

### **Rannóg an Liúntais Chúramóra**

Seirbhísí Leasa Shóisialaigh

Tithe an Rialtais

Bóthar Bhéal Átha na Lao

An Longfort

Guthán: 043 3340000

Íosghlao: 1890 92 77 70

Má tá tú ag glaoch ó lasmuigh de Phoblacht na hÉireann, glaoigh ar + 353 43 3340000, le do thoil

### **Rabhadh**

**Mura ndéanann tú iarratas in am, is féidir go gcaillfidh tú cuid de d'íocaíocht.**

## 14. Cad a tharlóidh mura ndéantar iarratas in am?

Más rud é gur chuir tú iarratas isteach ar an Liúntas Cúramóra tar éis an trátha ba dhóigh leat go gcáileofá dó, d'fhéadfá a bheith i dteideal siardhátú d'íocaíochta a fháil i gcásanna áirithe.

Chomh maith leis sin, is féidir leat athbhreithniú ar d'iarratas nó d'íocaíocht a lorg más rud é nár chuir tú iarratas isteach nó go ndearna tú moill le hiarratas a dhéanamh toisc go bhfuair tú eolas mícheart nó eolas easnamhach ó oifigeach de chuid na Roinne seo.

### **Nóta**

**Ní féidir linn an Liúntas Cúramóra a shiardhátú más rud é nárbh eol duit go raibh a leithéid d'íocaíocht ann nuair a chuaigh tú i mbun do dhualgas cúraim.**

Má lorgáíonn tú athbhreithniú ar dháta d'iarratais, caithfidh tú a thaispeáint gur chomhlíon tú féin, chomh maith leis an duine dá dtugtar aire, na coinníollacha a ghabhann leis an Liúntas Cúramóra i rith na tréimhse atá i gceist. Is tú féin, an t-iarratasóir, a chaithfidh an cruthúnas a chur ar fáil.

Déanfaidh Oifigeach Breithiúnachta an t-athbhreithniú, ach is féidir leat an cinneadh a achomharc chuig Príomh-Oifigeach na nAchomharc.

## 15. Conas a líontar an fhoirm iarratais ar an Liúntas Cúramóra?

Sula líonfaidh tú an fhoirm iarratais, tóg beagáinín ama chun an mhír seo a léamh, le do thoil.

Agus sinn ag plé le hiarratas ar Liúntas Cúramóra, is féidir go mbeidh orainn measúnú a dhéanamh ar an riocht ina bhfuil suas le triúr (an cúramóir, céile/páirtneir sibhialta/ comhchónaitheoir an chúramóra agus an duine dá dtugtar aire).



Caithfimid d'ioncam agus ioncam do chéile, do pháirtnéara shibhialta nó do chomhchónaitheora a ríomh chun an acmhainn a mheasúnú.

Chomh maith leis sin, caithfimid scrúdú a dhéanamh ar riocht sláinte an duine dá dtugtar aire chun gur féidir linn cinneadh a dhéanamh an bhfuil gá aige/aici le cúram agus aire lánaimseartha.

Thairis sin, caithfear gur deimhin linn go gcuireann tú, an cúramóir, cúram agus aire lánaimseartha ar fáil agus go bhfuil ar do chumas é a dhéanamh.

Dá bhrí sin, tá a lán eolais mhionsonraithe á lorg uait san fhoirm iarratais.

Roimh duit cromadh ar an bhfoirm iarratais a líonadh agus a chur chugainn, ba chóir duit na treoracha i dtosach na foirme a léamh go haireach agus iad a leanúint. Ba chóir duit an seicliosta i **gcuid 9** den fhoirm a léamh go haireach chun a chinntiú go bhfuil na ceisteanna go léir freagartha agat agus go bhfuil na teastais agus na cáipéisí go léir is gá agat.

### **Iarratas i leith an dara duine dá dtugtar aire.**

Má fhaigheann tú an Liúntas Cúramóra cheana agus má tá iarratas á dhéanamh agat anois ar liúntas níos mó toisc go dtugann tú aire don dara duine, **ní gá** duit do theastais a chur chugainn arís. Más mar sin é, líon an fhoirm iarratais (**CR 1**) ina hiomláine agus scríobh go soiléir ar bharr na foirme iarratais, **“Iarratas i leith an dara duine - níl teastais faoi iamh”**.

Ní mór na cáipéisí tacaíochta eile go léir a chur isteach i dteannta d'iarratais, mar shampla ráitis ó institiúid airgeadais, duilíní pá srl.

### **Tá an fhoirm iarratais roinnte sna codanna seo a leanas.**

**Cuid 1:** Baineann an chuid seo le do shonraí pearsanta.

**Cuid 2:** Baineann an chuid seo leis na sonraí de d'obair agus de d'éileamh, agus d'acmhainn san áireamh. Ní mór duit an acmhainn uile ó gach foinse a lua, cibé acu maoin, caipiteal nó ioncam, mar shampla ioncam as cíos ó mhaoin nó ó dhuine atá ina lóistéir i do theach. Mura ndéanfá amhlaidh, d'fhéadfaí liúntas a thabhairt duit a bheadh ní ba mhó ná mar a bheifeá i dteideal a fháil. D'fhéadfadh ceangal a bheith ort de réir dlí aon ró-íocaíocht a thabharfaí duit dá thoradh a aisíoc. Síniú an dearbhú, le do thoil, nuair a bheidh an fhoirm líonta agat.

**Má thagann athrú ar do chuid acmhainne tar éis an Liúntas Cúramóra a bheith bronnta ort, caithfidh tú é seo a chur in iúl dúinn sa Roinn láithreach.**

**Cuid 3:** Baineann an chuid seo leis an gCoinníoll Gnáthchónaithe.

**Cuid 4:** Tugann an chuid seo liosta den dá rogha íocaíochta is féidir a dhéanamh maidir leis an Liúntas Cúramóra.

**Cuid 5:** Baineann an chuid seo leis na sonraí de do leanbh nó do leanáí cáilithe.

**Cuid 6:** Baineann an chuid seo leis na sonraí de do chéile, do pháirtneir sibhialta nó do chomhchónaitheoir.

**Cuid 7:** Baineann an chuid seo leis na sonraí d'obair agus d'éileamh do chéile, do pháirtnéara sibhialta nó do chomhchónaitheora, agus a (h)acmhainn san áireamh.

**Cuid 8:** Cumhdaíonn an chuid seo na sonraí den duine nó de na daoine dá dtugann tú aire.

**Cuid 9:** Seo an seicliosta ba chóir duit a léamh roimh duit d'iarratas a chur isteach.

**Cuid 10:** Baineann an chuid seo leis na teastais dochtúra don duine nó do na daoine dá dtugtar aire. Má thugann tú aire do dhuine atá faoi bhun 16 bliana d'aois agus má fhaigheann tú Liúntas Cúraim Bhaile, ní gá duit tuairisc dhochtúra a chur chugainn ag an bpointe seo.

**Cuimhnigh ar gach teastas agus gach cáipéis a bhaineann le hábhar a chur faoi iamh le d'iarratas.**

### **Nóta**

**Má thugann tú aire do bhreis agus duine, líon foirm CR2 i leith an duine sin, le do thoil. Má thugann tú aire do bhreis agus beirt, cuir in iúl dúinn é, le do thoil, mar is féidir go bhfaighidh tú Deontas Cúraim Fhaoisimh ina leith. Ba chóir duit foirm CR2 a líonadh agus í a chur chuig an seoladh ar leathanach 15. Is féidir leat foirm CR2 a fháil ar [www.welfare.ie](http://www.welfare.ie) nó ó d'oifig leasa shóisialaigh áitiúil.**

## 16. Cén áit ar féidir a thuilleadh eolais a fháil?

Chun a thuilleadh eolais ar an Liúntas Cúramóra a fháil, déan teagmháil le d'Oifig Leasa Shóisialaigh nó le **Rannóg an Liúntais Chúramóra** ag an seoladh ar leathanach 15.

Chun leabhráin eolais, foirmeacha iarratais agus a thuilleadh eolais ar sheirbhísí leasa shóisialaigh a fháil:

- Logáil isteach ar **www.welfare.ie**.
- Glaoigh ar an Líne Eolais Íosghlaonna ag **1890 66 22 44** nó má tá tú ag glaoch ó lasmuigh de Phoblacht na hÉireann, glaoigh ar **+353 71 91 93313**, le do thoil.
- Buail isteach chuig d'Ionad Faisnéise áitiúil do Shaoránaigh, do Lárionad Intreo áitiúil nó d'Oifig Leasa Shóisialaigh áitiúil.

### Nóta

**Tabhair faoi deara, le do thoil, go bhféadfadh soláthraithe seirbhíse éagsúla rátaí éagsúla a ghearradh as úsáid uimhreacha 1890 (íosghlao).**

# Pointí le tabhairt faoi deara

## Forlíonadh Ioncaim Teaghlaigh

Íocaíocht sheachtainiúil is ea an Forlíonadh Ioncaim Teaghlaigh chun cabhrú le teaghlaigh ag a bhfuil pá íseal agus ag a bhfuil leanaí cáilithe. Caithfidh ioncam an teaghlaigh (ollioncam lúide cáin, ÁSPC an fhostaí, Muirear Sóisialta Uilíoch agus aoisliúntas) a bheith faoi bhun méid áirithe i gcoibhneas le méid an teaghlaigh agus ní mór coinníollacha eile a chomhlíonadh freisin.

Cuirimid ioncam ón Liúntas Cúramóra san áireamh nuair a mheasúnaímid ioncam an teaghlaigh chun críocha an Fhorlíonaidh.

Ní chuirimid an méid cánach a íocann tú san áireamh chun críocha na tástála acmhainne i dtaca leis an Liúntas Cúramóra, ach cuirimid san áireamh é nuair a mheasúnaímid ioncam seachtainiúil an teaghlaigh maidir leis an bhForlíonadh Ioncaim Teaghlaigh.

Sa tábla thíos leagtar amach na teorainneacha seachtainiúla ioncaim maidir leis an bhForlíonadh Ioncaim Teaghlaigh (le héifeacht ó Eanáir 2011).

Méid an teaghlaigh	Teorainn sheachtainiúil ioncaim
1 leanbh	506
2 leanbh	602
3 leanbh	703
4 leanbh	824
5 leanbh	950
6 leanbh	1,066
7 leanbh	1,202
8 leanbh nó níos mó	1,298

Chun a thuilleadh eolais a fháil, logáil isteach ar [www.welfare.ie](http://www.welfare.ie).

## Liúntas Breosla

Ní féidir leat an Liúntas Breosla a fháil in éineacht leis an Liúntas Cúramóra. Is féidir, áfach, go gcáileoidh duine eile den teaghlach don Liúntas Breosla má chomhlíonann sé/sí na coinníollacha cáiliúcháin. Mar sin, má fhaigheann tú an Liúntas Breosla in éineacht leis an íocaíocht leasa shóisialaigh atá agat faoi láthair agus más mian aistriú chuig an Liúntas Cúramóra, is cóir duit seiceáil a dhéanamh an gcáileoidh duine eile de do theaghlach don Liúntas Breosla.

Chun a thuilleadh eolais a fháil, logáil isteach ar **[www.welfare.ie](http://www.welfare.ie)**.

## Creidmheasanna

Má fhaigheann tú an Liúntas Cúramóra, is féidir go mbronnfar creidmheasanna ort (ranníocaíochtaí ÁSPC atá curtha chun sochair) i leith na tréimhse ina gcuireann tú cúram ar fáil. Mura bhfuil creidmheasanna ag dul duit, áfach, is féidir go mbeidh tú cáilithe chun go gcuirfear na ‘blianta cúramaíochta baile’ san áireamh chun críocha an Phinsin Stáit (Ranníocach).

Chun a thuilleadh eolais a fháil, logáil isteach ar **[www.welfare.ie](http://www.welfare.ie)**.

## Cáin

Meastar an t-ioncam ón Liúntas Cúramóra ina ioncam chun críocha cánach. Ba chóir duit teagmháil a dhéanamh le d’oifig chánach áitiúil chun a thuilleadh eolais a fháil.

## Cárta leighis

Ní chuirtear ioncam ón Liúntas Cúramóra san áireamh chun críocha na tástála acmhainne i dtaca le cárta leighis. Ba chóir duit teagmháil a dhéanamh le d’oifig áitiúil d’Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte chun a thuilleadh eolais a fháil.

**Leabhráin áisiúla eile:**

<b>Sochar Cúramóra</b>	<b>SW 49</b>
<b>Seicliosta do phinsinéirí</b>	<b>SW 10</b>
<b>Ranníocaíochtaí Curtha chun Sochair</b>	<b>SW 12</b>
<b>Forlíonadh Ioncaim Teaghlaigh</b>	<b>SW 22</b>
<b>Saorthaisteal</b>	<b>SW 40</b>
<b>Coinníoll Gnáthchónaithe</b>	<b>SW 108</b>
<b>Scéim um Chúramaí Baile</b>	<b>SW 1</b>
<b>Pacáiste na Sochar don Líon Tí</b>	<b>SW 107</b>
<b>Scéim Náisiúnta Bhreosla</b>	<b>SW 17</b>
<b>Leabhrán ar Rátaí Iocaíochtaí</b>	<b>SW 19</b>
<b>Deontas Cúraim Fhaoisimh</b>	<b>SW 113</b>

# Faisnéis do Shaoránaigh

Is é an Bord um Fhaisnéis do Shaoránaigh an comhlacht reachtúil a thacaíonn le soláthar faisnéise, comhairle agus abhcóideachta don phobal maidir leis an raon fairsing seirbhísí sóisialta agus sibhialta. Cuireann sé an láithreán gréasáin Faisnéise do Shaoránaigh ar fáil agus tacaíonn sé leis an líonra deonach de Sheirbhísí Faisnéise do Shaoránaigh agus leis an tSeirbhís Teileafóin Faisnéise do Shaoránaigh.

[www.citizensinformation.ie](http://www.citizensinformation.ie)

Íosghlao 1890 777 121 (Luan - Aoine, 9rn - 9in)

Ionaid Áitiúla (féach in Eolaire Teileafóin na Leathanach Buí)

Tá Faisnéis do Shaoránaigh ar fáil ó bhreis is 250 láthair ar fud na tíre. Foilsítear sonraí teagmhála agus uaireanta oscailte an Ionaid Faisnéise do Shaoránaigh is gaire duit in Eolaire Teileafóin na Leathanach Buí.